

Prize Bonds
State Savings

An Chuideachta Duais-Bhannaí
Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe

# Tuarascálacha agus Ráitis Airgeadais don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023

# Clár Ábhar


| | Leathanach |
|---|---|
| Faisnéis Chorparáideach | 2 |
| Ráiteas ón gCathaoirleach | 3 - 4 |
| Tuarascáil na Stiúrthóirí | 5 - 6 |
| Ráiteas maidir le Freagrachtaí Stiúrthóirí | 7 |
| Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách | 8 - 10 |
| Ráiteas Ioncaim | 11 |
| Ráiteas ar Staid an Airgeadais | 12 |
| Ráiteas um Athruithe sa Chothromas | 13 |
| Ráiteas faoi Shreafaí Airgid | 14 |
| Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 15 - 19 |
| Faisnéis Fhorlíontach – Neamhiniúchta | 20 - 24 |

# Faisnéis Chorparáideach

## Stiúrthóirí

Debbie Byrne
Martin Ryan
William Mooney
Mary O'Connell
Ivo O'Sullivan
John Rice
Sharon Kelly
Dave McEvoy
Murray McCarter

## Rúnaí

Gillian Skehill

## Oifig Chláraithe

Ard-Oifig an Phoist, Sráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2.

## Ionaid Oibríochtúla

Bóthar Uíbh Ráthaigh, Cill Orglan, Co. Chiarraí, V93 WN9T.
Ard-Oifig an Phoist, Sráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2.

## Iniúchóir

Deloitte Ireland CDT
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchta Reachtúil
Áras Deloitte & Touche
Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2
D02 AY28.

## Baincéirí

Banc na hÉireann

## Aturnae

Lisa Gallagher

## Láithreán Gréasáin

www.StateSavings.ie

## Uimhir Chlárúcháin


144332

**Is cúis áthais dom a thuairisciú gur bliain airgeadais dhearfach a bhí againn in 2023. Is é €4.65 billiún méid an chiste anois. Ba é €489m méid na ndíolachán in 2023.**

Ba iad seo a leanas na táscairí feidhmíochta oibriúcháin i leith 2023:

| Táscaire | Feidhmíocht | % Athrú ó 2022 |
|---|---|---|
| Díolacháin | €489.1m | (20.6)% |
| Aisíocaíochtaí | €531.9m | 46.7% |
| Díolacháin lúide aisíocaíochtaí | (€42.7m) | (116.9)% |
| Luach an chiste ag deireadh na bliana airgeadais | €4,651.9m | (1.0)% |
| Luach na nduaiseanna a bronnadh | €24.1m | 50.9% |
| Líon na nduaiseanna a bronnadh | 309,685 | 30.9% |
| Líon na gceannachán | 306,995 | 4.9% |

## Graif




## Tarraingtí seachtainiúla Duaisbhannaí

Cinneann Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) luach iomlán na nduaiseanna atá le heisiúint trí ráta úis a chur i bhfeidhm ar luach na nDuaisbhannaí atá eisithe. Le linn na bliana, méadaíodh an ráta úis is infheidhme maidir leis an gciste Duaisbhannaí ó 0.35% go 1.00% i mí Dheireadh Fómhair 2023.

In 2023 eisíodh 309,685 duais dár gcustaiméirí, sin méadú 31% i gcomparáid le 2022. Tháinig méadú 51% ar luach na nduaiseanna idir 2022 agus 2023, de bharr an athraithe ar an ráta úis.

## Duaiseanna nár éilíodh

Ag deireadh 2023, b’ionann líon na nduaiseanna nár éilíodh ó seoladh an táirge in 1957 agus €3.32 milliún. Sainmhínítear gurb iad duaiseanna nár éilíodh na duaiseanna nach n-éilítear tar éis sé mhí. Ba cheart a thabhairt faoi deara go ndéanaimid teagmháil le gach buaiteoir duaise ag an seoladh atá againn don chustaiméir. Molaimid do chustaiméirí fógra a thabhairt dúinn faoi aon athruithe a luaithe is féidir tar éis an athraithe.

Cuid an-bheag de luach na nduaiseanna a bronnadh i gcaitheamh na mblianta ó corpraíodh Scéim na nDuaisbhannaí is ea an méid atá fós amuigh i leith na nduaiseanna sin. Foilsítear liosta de na duaiseanna go léir ar an láithreán gréasáin um Choigilteas Stáit, www.StateSavings.ie. Tá sé tábhachtach a mheabhrú go gcoinnítear na duaiseanna ar feadh i bhfad go dtí go n-éilíonn sealbhóir bannaí iad.

## Feabhsú Seirbhíse

Is tairiscint an-tábhachtach iad Duaisbhannaí i bpunann na dtáirgí Coigiltis Stáit, a thairgeann GBCN d’infheisteoirí miondíola thar ceann an Stáit. Le linn 2023, leanamar leis na hinfheistíochtaí atá á ndéanamh againn le blianta beaga anuas chun ár gcórais agus ár bpróisis a fhorbairt agus a fheabhsú. Tá áthas orm a thuairisciú gur ar líne a dhéantar 21% dár ndíolachán anois, sin méadú ó 19% in 2022.

Bhíomar ag obair i ndlúthpháirt le GBCN chun próisis na gcustaiméirí a fheabhsú. Go háirithe, le tabhairt isteach níos mó seirbhísí ar líne, is amhlaidh anois go bhfuil custaiméirí in ann a sealúchais Coigiltis Stáit, agus na Duaisbhannaí san áireamh, a fheiceáil ar líne agus níos mó gníomhaíochta a dhéanamh linn ag baint úsáid as a rogha cainéil. Is forbairt thábhachtach é sin ós rud é gur in Oifig an Phoist a dhéantar níos mó ná 51% (57% in 2022) de na ceannacháin.

Ó mhí Feabhra 2020, tá sé de rogha ag custaiméirí a bhuaigh duaiseanna an duais a fháil trí ríomhaistrithe airgid chuig a gcuntas bainc nó trí athinfheistíocht i nDuaisbhannaí.  Is modhanna íocaíochta tapa, slána iad an dá rogha sin. Cuireann siad le héifeachtúlacht na n-íocaíochtaí le custaiméirí freisin toisc nach mbíonn feidhm ag 'amanna imréitigh' ná ag costais a ghabhann le seiceanna.

Lean ár n-ionad glaonna ag feidhmiú go maith, agus freagraíodh 98% de na glaonna laistigh de 3 nóiméad nó níos lú.

## Buíochas

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Comhaltaí Boird na Cuideachta agus le lucht bainistíochta agus foireann An Post agus Fexco as an méid mór a chuir siad lenár bhfeidhmíocht in 2023.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta as a tacaíocht leanúnach agus as an gcúnamh luachmhar a thugann sí dúinn.



Debbie Byrne, Cathaoirleach 27 Bealtaine 2024

Tá áthas ar na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil, mar aon le ráitis airgeadais iniúchta na Cuideachta, a chur isteach don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2023.

## An Chuideachta

Tá an Chuideachta i mbun gnó chun an Scéim Duaisbhannaí a riar faoi chonradh le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta a bhí i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2022. Rinneadh an conradh a athnuachan an 21 Nollaig 2022 ar feadh cúig bliana eile ó dheireadh an chonartha a bhí ag dul in éag go dtí an 31 Nollaig 2027. Tá na stiúrthóirí deimhin de, dá bhrí sin, go mbeidh dóthain acmhainní ag an gCuideachta chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ó dháta formheasta na ráiteas airgeadais seo.

Is ag An Post atá 50% den scairchaipiteal eisithe agus tá 50% de ag Fexco.

## Torthaí i leith na bliana airgeadais

Leagtar amach na torthaí i leith na bliana airgeadais sa ráiteas ioncaim ar leathanach 11 agus sna nótaí gaolmhara.

Ní mholann na stiúrthóirí go n-íocfaí díbhinn i leith na bliana airgeadais (2023: €Nialas).

## Athbhreithnú gnó

Tá an t-athbhreithniú gnó san áireamh sa Ráiteas ón gCathaoirleach. Mar a thuairiscítear ansin, bhí feidhmíocht na Cuideachta in 2023 fós dearfach. Ba é €489.1m an t-iomlán a fuarthas de bharr Duaisbhannaí a dhíol i rith na bliana (2022: €615.7m). Tháinig méadú 6.3% ar tháillí conartha a thuill an Chuideachta, go dtí €12.9m. Is é uainiú na n-íocaíochtaí le páirtithe gaolmhara, den chuid is mó, is cúis leis na hathruithe ar an gclár comhardaithe agus ar an staid airgid.

I measc na bpríomhrioscaí agus na hábhair éiginnteachta atá i gceist i leith fhorbairt na Cuideachta amach anseo tá feidhmíocht a fochonraitheoirí agus ábharthacht ár dtáirge a chinntiú sa mhargadh ina n-oibrímid, margadh atá ag éirí níos iomaíche. D'fhorbair na stiúrthóirí raon straitéisí chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus ar rioscaí eile atá le sárú ag an gCuideachta.

## Na stiúrthóirí, an rúnaí agus a gcuid leasanna

Tionóladh ceithre chruinniú den Bhord i rith na bliana airgeadais. Leagtar amach thíos tinreamh na stiúrthóirí ag na cruinnithe a raibh siad incháilithe chun freastal orthu:

| Stiúrthóir | Cruinnithe a rabhthas incháilithe chun freastal orthu | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|---|
| Debbie Byrne | 4 | 4 |
| Sharon Kelly | 4 | 3 |
| Dave McEvoy | 4 | 4 |
| William Mooney | 4 | 3 |
| Mary O'Connell | 4 | 4 |
| Ivo O'Sullivan | 4 | 4 |
| John Rice | 4 | 4 |
| Martin Ryan | 4 | 3 |
| Murray McCarter | 2 | 2 |

Ní raibh aon leas ag na stiúrthóirí ná ag an rúnaí, a bhí i seilbh oifige an 31 Nollaig 2023, i scaireanna sa Chuideachta ná i mbintiúir de chuid na Cuideachta ná de chuid aon Ghrúp-Chuideachta.

D'éirigh Ray Flood as a phost mar rúnaí an Bhoird an 15 Feabhra 2023. Ceapadh Gillian Skehill mar rúnaí an Bhoird le héifeacht ón 15 Feabhra 2023. Ceapadh Murray McCarter ar an mBord le héifeacht ón 30 Bealtaine 2023.

## Teagmhais Iar-Chlár Comhardaithe

Ní raibh aon teagmhas idir dáta an chláir chomhardaithe agus an dáta ar formheasadh na ráitis airgeadais seo a d'fhágfadh nár mhór nochtadh a dhéanamh sna ráitis airgeadais seo nó coigeartú a dhéanamh orthu.

## Taifid Chuntasaíochta

Creideann na stiúrthóirí gur chomhlíon siad ceanglais Alt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí, 2014 maidir le taifid chuntasaíochta leordhóthanacha trí phearsanra a fhostú a bhfuil an saineolas cuí acu agus trí acmhainní leordhóthanacha a sholáthar don fheidhm airgeadais. Coimeádtar taifid chuntasaíochta na Cuideachta san oifig chláraithe.

## Faisnéis Iomchuí Iniúchta

Creideann na stiúrthóirí go bhfuil gach beart is gá déanta acu chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis iomchuí iniúchta agus tá sé deimhnithe acu go bhfuil iniúchóirí reachtúla na Cuideachta ar an eolas faoin bhfaisnéis sin. A mhéid is eol dóibh, níl aon fhaisnéis iomchuí iniúchta ann nach bhfuil iniúchóirí reachtúla na Cuideachta ar an eolas fúithi.

## Iniúchóir

Tá an t-iniúchóir, Deloitte Ireland CDT, Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchta Reachtúil, ag leanúint i mbun oifige de réir Alt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014.

Arna formheas ag an mBord agus arna síniú thar a cheann ag:

| | | |
|---|---|---|
| Debbie Byrne<br>Stiúrthóir | Martin Ryan<br>Stiúrthóir | 27 Bealtaine 2024 |

# Ráiteas maidir le Freagrachtaí Stiúrthóirí



Tá na stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí, 2014.

Le dlí cuideachtaí na hÉireann, ceanglaítear ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú i leith gach bliana airgeadais. Faoin dlí, roghnaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais arna nglacadh ag an Aontas Eorpach ('an creat tuairiscithe airgeadais iomchuí'). Faoi Dhlí na gCuideachtaí, ní mór do na stiúrthóirí gan na ráitis airgeadais a fhormheas mura bhfuil siad deimhin de go dtugtar léargas fíorcheart iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Cuideachta amhail ar dháta dheireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús nó caillteanas na Cuideachta i leith na bliana airgeadais, agus go gcomhlíonann siad ar gach slí eile Acht na gCuideachtaí, 2014.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar na stiúrthóirí an méid seo a leanas a dhéanamh:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú do Ráitis Airgeadais na Cuideachta agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- a lua ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme, na caighdeáin sin a shainaithint, agus an tionchar a bhí ag aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin agus an chúis leis an imeacht ábhartha a shonrú; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an Chuideachta i mbun gnó.


Tá na stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoimeádann an Chuideachta taifid chuntasaíochta leordhóthanacha, nó go gcuireann sí faoi deara iad a choinneáil, ina mínítear i gceart idirbhearta na Cuideachta agus ina ndéantar taifead ceart orthu, lena gcumasaítear tráth ar bith sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas na Cuideachta a chinneadh le cruinneas réasúnta, lena gcuirtear ar a gcumas dóibh a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais agus tuarascáil na stiúrthóirí Acht na gCuideachtaí, 2014 agus lena gcumasaítear iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais.

Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na Cuideachta a chosaint agus, dá bhrí sin, as céimeanna réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.

Ní gá gurb ionann an reachtaíocht in Éirinn maidir le hullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais agus an reachtaíocht atá i bhfeidhm i ndlínsí eile. Tá na stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar láithreán gréasáin na Cuideachta.

Thar ceann an Bhoird





Debbie Byrne
Stiúrthóir

Martin Ryan
Stiúrthóir

27 Bealtaine 2024

**Tuarascáil ar an iniúchadh ar na ráitis airgeadais**

**Tuairim maidir le ráitis airgeadais na Cuideachta Duais-Bhannaí (Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe) ('an chuideachta')**

Is é ár dtuairim é i leith na ráiteas airgeadais:

- go dtugtar léargas fíorcheart iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na cuideachta amhail an 31 Nollaig 2023 agus ar an toradh i leith na bliana airgeadais dar chríoch ar an dáta sin; agus
- gur ullmhaíodh go cuí iad de réir an chreata tuairiscithe airgeadais iomchuí agus, go háirithe, de réir cheanglais Acht na gCuideachtaí, 2014.

Is iad na ráitis airgeadais atá iniúchta againn:

- an Ráiteas Ioncaim;
- an Ráiteas ar Staid an Airgeadais;
- an Ráiteas um Athruithe sa Chothromas;
- an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid; agus
- na nótaí 1 go 13 a ghabhann leo, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta mar a leagtar amach i nóta 1.

Is é Acht na gCuideachtaí, 2014 agus na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais arna nglacadh ag an Aontas Eorpach ('IFRS') ('an creat tuairiscithe airgeadais iomchuí") an creat ábhartha um thuairisciú airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú.

## Bunús leis an tuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire) agus de réir an dlí is infheidhme. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orainn faoi na caighdeáin sin thíos sa chuid Na freagrachtaí atá ar an iniúchóir maidir leis an iniúchadh ar na ráitis airgeadais den tuarascáil uainn.

Táimid neamhspleách ar an gcuideachta de réir na gceanglas eitice is ábhartha maidir leis an iniúchadh a dhéanaimid ar na ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann, agus chomhlíonamar na freagrachtaí eiticiúla eile atá orainn de réir na gceanglas sin. Creidimid gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuaireamar chun bunús a thabhairt leis an tuairim uainn.

## Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Agus iniúchóireacht á déanamh ar na ráitis airgeadais, thángamar ar an gconclúid gur cuí an úsáid a bhaineann na stiúrthóirí as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu.

Bunaithe ar an obair atá déanta againn, níor shainaithníomar aon ábhar éiginnteachta ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó dálaí a d'fhéadfadh, ar bhonn aonair nó i dteannta a chéile, a bheith ina gcúis le hamhras suntasach maidir le cumas na cuideachta leanúint ar aghaidh ag feidhmiú ar bhonn gnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón uair a údaraítear na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.

Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí maidir le gnóthas leantach sna codanna ábhartha den tuarascáil seo.

## Faisnéis eile

Is éard atá san fhaisnéis eile an fhaisnéis atá sna Tuarascálacha agus sna Ráitis Airgeadais, seachas na ráitis airgeadais agus tuarascáil ár n-iniúchóra ina leith. Is iad na stiúrthóirí atá freagrach as an bhfaisnéis eile atá sna Tuarascálacha agus sna Ráitis Airgeadais. Ní chuimsítear sa tuairim uainn ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, ach amháin sa mhéid a luaitear a mhalairt go sainráite sa tuarascáil uainn, ní léirímid aon chineál conclúide dearbhaithe ina leith.

Is é an fhreagracht atá orainn an fhaisnéis eile a léamh agus, á dhéanamh sin dúinn, a bhreithniú an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuaireamar san iniúchadh, nó ar cosúil go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith ar shlí eile. Má aithnímid neamhréireacht ábhartha den sórt sin nó ráiteas a ndealraíonn sé gur míráiteas ábhartha é, ní mór dúinn a chinneadh an bhfuil aon mhíráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó an ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile. Más rud é, ar bhonn na hoibre a rinneamar, go gcinnimid go ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile sin, ceanglaítear orainn an méid sin a thuairisciú.

Níl aon ní le tuairisciú againn i ndáil leis sin.

## Na freagrachtaí atá ar na stiúrthóirí

Mar a dtugtar míniú níos iomláine air sa Ráiteas maidir le Freagrachtaí na Stiúrthóirí, is iad na stiúrthóirí atá freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais agus as bheith deimhin de gur léargas fíorcheart a thugtar iontu agus go gcomhlíonann siad Acht na gCuideachtaí, 2014 i ngach slí eile, agus as cibé rialú inmheánach a chinnfidh na stiúrthóirí is gá ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó de bharr earráide.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh ar bhonn gnóthas leantach, as nochtadh a dhéanamh, mar is infheidhme, ar nithe a bhaineann le gnóthas leantach agus as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid mura bhfuil sé i gceist ag na stiúrthóirí an chuideachta a leachtú nó deireadh a chur leis na hoibríochtaí, nó nach bhfuil aon rogha réalaíoch acu ach sin a dhéanamh.

## Na freagrachtaí atá ar an iniúchóir maidir leis an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

Is iad na cuspóirí atá againn dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, agus tuarascáil iniúchóra a eisiúint ina bhfuil an tuairim uainn. Ardleibhéal dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní hionann é agus ráthaíocht go n-aimseofar i gcónaí in iniúchadh arna dhéanamh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Éire) míráiteas ábhartha más ann dó. Is féidir go n-eascródh míráitis as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, astu féin nó le chéile, go bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach leis go mbeadh tionchar acu ar chinntí geilleagracha na n-úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Tá tuilleadh tuairisce ar na freagrachtaí atá orainn maidir leis an iniúchadh ar na ráitis airgeadais ar láithreán gréasáin Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann ag: https://iaasa.ie/publications/description-of-the-auditors-responsibilities-for-the-audit-of-the-financial-statements. Tá an tuairisc sin ina cuid den tuarascáil iniúchóra uainn.

## Tuarascáil ar cheanglais dlí agus ceanglais rialála eile

**Tuairim ar nithe eile a fhorordaítear le hAcht na gCuideachtaí, 2014**

Ar bhonn na hoibre a rinneadh le linn an iniúchta, agus uirthi sin amháin, tuairiscímid an méid seo a leanas:

- Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúchta.
- Is é ár dtuairim é go raibh taifid chuntasaíochta na cuideachta leordhóthanach ionas go bhféadfaí iniúchadh furasta cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais.
- Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.
- Is é ár dtuairim é go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais agus gur ullmhaíodh tuarascáil na stiúrthóirí de réir Acht na gCuideachtaí, 2014.

## Nithe a gceanglaítear orainn tuairisc a thabhairt orthu ar bhonn eisceachta

Ar bhonn an eolais agus na tuisceana ar an gcuideachta agus a timpeallacht a fuarthas le linn an iniúchta, níor aithníomar míráitis ábhartha i ráiteas na stiúrthóirí.

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis na forálacha in Acht na gCuideachtaí, 2014 lena gceanglaítear orainn tuairisc a thabhairt daoibh más rud é, inár dtuairim, nach ndéantar an nochtadh a shonraítear le dlí ar luach saothair na stiúrthóirí agus ar a n-idirbheart.

## Ár dtuarascáil a úsáid

Is do chomhaltaí na cuideachta, mar chomhlacht, agus dóibh sin amháin, a dhéantar an tuarascáil seo, de réir Alt 391 d'Acht na gCuideachtaí, 2014. Cuireadh i gcrích ár n-obair iniúchóireachta ionas go bhféadfaimis a lua le comhaltaí na cuideachta na nithe sin a cheanglaítear orainn a lua leo i dtuarascáil iniúchóra, agus chun na críche sin amháin. Sa mhéid is mó a cheadaítear le dlí, ní ghlacaimid freagracht d'aon duine seachas an chuideachta agus comhaltaí na cuideachta, mar chomhlacht, as ár n-obair iniúchóireachta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí a dtángamar orthu.

Emer O'Shaughnessy
**Ar son agus thar ceann Deloitte Ireland CDT**
**Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchta Reachtúil**
Áras Deloitte & Touche,
29 Ardán Phort an Iarla,
Baile Átha Cliath 2

# Ráiteas Ioncaim

## Don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023



| | Nóta<br>€ | **2023**<br>€ | 2022 |
|---|---|---|---|
| Ioncam | 2 | **12,860,176** | 12,098,622 |
| Caiteachas oibriúcháin | 3 | **(12,860,176)** | (12,098,622) |
| **Toradh roimh Cháin** | | **-** | - |
| Cáin ioncaim | 5 | **-** | - |
| **Toradh i leith na Bliana Airgeadais** | | **-** | - |

Ní raibh aon ghnóthachain ná caillteanais ag an gCuideachta sa bhliain airgeadais seo nó sna blianta airgeadais roimhe sin seachas iad siúd ar déileáladh leo sa ráiteas ioncaim thuas agus, ar an mbonn sin, ní chuirtear i láthair ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile. Na torthaí thuas i leith na bliana airgeadais seo agus na bliana airgeadais roimhe sin, eascraíonn sin araon ó oibríochtaí leanúnacha.

# Ráiteas ar Staid an Airgeadais
## amhail an 31 Nollaig 2023

| | Nóta | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | **€** | € |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Méideanna infhála trádála agus eile | 6 | **960,321** | 911,741 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | | **14,042,295** | 15,800,886 |
| **Sócmhainní reatha** | | **15,002,616** | 16,712,627 |
| **Iomlan na sócmhainní** | | **15,002,616** | 16,712,627 |
| **Cothromas** | | | |
| Scairchaipiteal | 8 | **125** | 125 |
| Cúlchistí eile | 8 | **2** | 2 |
| Tuilleamh coimeádta | | **-** | - |
| **Cothromas iomlán** | | **127** | 127 |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Méideanna iníoctha trádála agus eile | 7 | **15,002,489** | 16,712,500 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **15,002,489** | 16,712,500 |
| **Iomlán an chothromais agus na ndliteanas** | | **15,002,616** | 16,712,627 |

D'fhormheas agus d'údaraigh an Bord Stiúrthóirí na ráitis airgeadais lena n-eisiúint an 27 Bealtaine 2024 agus shínigh na daoine seo a leanas iad thar a cheann:

Debbie Byrne
Stiúrthóir

Martin Ryan
Stiúrthóir

| | Scairchaipiteal | Cúlchistí eile | Tuilleamh coimeádta | Cothromas iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2022 | 125 | 2 | - | 127 |
| Toradh i leith na bliana airgeadais | - | - | - | - |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2023** | **125** | **2** | **-** | **127** |
| Toradh i leith na bliana airgeadais | - | - | - | - |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2023** | **125** | **2** | **-** | **127** |

# Ráiteas faoi Shreafaí Airgid

## Don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2023

| | Nóta | **2023** | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | **€** | € |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Toradh i leith na bliana airgeadais | | **-** | - |
| Coigeartuithe i leith: | | | |
| Speansas cánach | | **-** | - |
| | | **-** | - |
| *Athruithe maidir le:* | | | |
| Méideanna infhála trádála agus eile | | **(211,750)** | 97,004 |
| Méideanna iníoctha trádála agus eile | | **(1,546,841)** | (6,747) |
| **Glan-insreabhadh/(glan-eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **(1,758,591)** | 90,257 |
| **Glanmhéadú/(glanlaghdú) ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim** | | **(1,758,591)** | 90,257 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag tús na bliana airgeadais | | **15,800,886** | 15,710,629 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag deireadh na bliana airgeadais** | | **14,042,295** | 15,800,886 |

## 1. Beartais ábhartha chuntasaíochta

Mura sonraítear a mhalairt, cuireadh na beartais chuntasaíochta a leagtar amach thíos i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir le gach tréimhse a chuirtear i láthair sna ráitis airgeadais seo.

### 1.1 Bonn ullmhúcháin agus ráiteas maidir le comhlíonadh

*Eintiteas tuairiscithe*
Cuideachta atá corpraithe in Éirinn agus a bhfuil sainchónaí uirthi in Éirinn is ea an Chuideachta Duais-Bhannaí ('an Chuideachta') (Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe).

*Ráiteas maidir le Comhlíonadh*
Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS), arna nglacadh ag an Aontas Eorpach (IFRS AE).

*Gnóthas leantach*
Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthas leantach. Tar éis dóibh measúnú a dhéanamh ar acmhainní na Cuideachta, tháinig na stiúrthóirí ar an gconclúid go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag an gCuideachta chun leanúint ar aghaidh i mbun oibríochta.

An 21 Nollaig 2022, rinne an Chuideachta conradh le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta chun Scéim na nDuaisbhannaí a riar ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2027 mura ndéanfar é a fhoirceannadh níos luaithe faoi chlásal 13 den chonradh. Tá na stiúrthóirí deimhin de, dá bhrí sin, go mbeidh dóthain acmhainní ag an gCuideachta chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ó dháta formheasta na ráiteas airgeadais seo.

*An bonn tomhais*
Is ar bhonn costas stairiúil a ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo.

*Airgeadra feidhmiúil agus airgeadra tuairiscithe*
Tá na ráitis airgeadais curtha i láthair in euro, arb é airgeadra feidhmiúil na Cuideachta é.

*Breithiúnais agus meastacháin a úsáid*
Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ní dhearna an lucht bainistíochta aon bhreithiúnais ná aon mheastacháin, ná níor bhraith siad ar aon bhoinn tuisceana, a dhéanann difear do chur i bhfeidhm bheartais chuntasaíochta na Cuideachta agus do mhéid tuairiscithe na sócmhainní, na ndliteanas, an ioncaim agus na gcostas. D'fhéadfadh sé nach ionann na torthaí iarbhír agus na meastacháin seo.

### 1.2 Scéim na nDuais-Bhannaí

Riarann an Chuideachta, ar scála comhaontaithe luacha saothair, Scéim na nDuais-Bhannaí. Íoctar na cistí ar aghaidh go rialta le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ag feidhmiú thar ceann an Aire Airgeadais. Dílsíonn sócmhainní agus dliteanais Scéim na nDuaisbhannaí don Aire agus, dá réir sin, ní áirítear iad i gclár comhardaithe na Cuideachta.

### 1.3 Ioncam

Cuimsíonn an t-ioncam luach na seirbhísí go léir a sholáthraítear, arna ríomh i gcomhréir leis an gconradh chun Scéim na nDuaisbhannaí a riar agus a dhíol, gan cáin bhreisluacha a áireamh.

### 1.4 Caiteachas ar fhógraíocht agus ar ábhar bolscaireachta

Déantar an caiteachas ar fhógraíocht agus ar ábhar bolscaireachta a thaifead mar a thabhaítear é.

### 1.5 Cánachas

Cuimsítear leis an gcostas cánach ioncaim cáin reatha agus cáin iarchurtha. Aithnítear sa ráiteas ioncaim é ach amháin a mhéid a bhaineann sé le comhcheangal gnó, nó le míreanna a aithnítear go díreach sa chothromas nó san ioncam cuimsitheach eile, agus sa chás sin aithnítear é ar bhonn díreach sa chothromas nó san ioncam cuimsitheach eile.

*Cáin reatha*
Cuimsítear leis an gcáin reatha an cháin a bhfuil coinne leis is iníoctha nó is infhála ar an mbrabús nó ar an gcaillteanas inchánach i leith na bliana airgeadais agus aon choigeartú ar an gcáin is iníoctha nó is infhála i leith blianta airgeadais roimhe sin. Tomhaistear í trí úsáid a bhaint as rátaí cánach a bhí

achtaithe go substainteach ar an dáta tuairiscithe. Áirítear le cáin reatha freisin aon cháin a eascraíonn as díbhinní.

Ní dhéantar sócmhainní agus dliteanais cánach reatha a fhritháireamh ach amháin má chomhlíontar critéir áirithe.

*Cáin iarchurtha*

Aithnítear cáin iarchurtha i leith difríochtaí sealadacha idir méideanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas chun críoch tuairiscithe airgeadais agus na méideanna a úsáidtear chun críocha cánach. Ní aithnítear cáin iarchurtha sna cásanna seo a leanas:

- difríochtaí sealadacha ar aitheantas tosaigh sócmhainní nó dliteanas in idirbheart nach comhcheangal gnó é agus nach ndéanann difear do chuntasaíocht ná do bhrabúis nó caillteanas inchánach;
- difríochtaí sealadacha a bhaineann le hinfheistíochtaí i bhfochuideachtaí, i gcomhlaigh agus i gcomhshocraíocht sa mhéid go bhfuil an Chuideachta in ann uainiú aisiompú na ndifríochtaí sealadacha a rialú agus gur dócha nach n-aisiompóidh siad go ceann i bhfad; agus
- difríochtaí sealadacha inchánacha a eascraíonn as aitheantas tosaigh cáilmheasa.

Aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha le haghaidh caillteanais chánach neamhúsáidte, creidmheasanna cánach neamhúsáidte, difríochtaí sealadacha in-asbhainte a mhéid is dócha go mbeidh brabúis inchánacha amach anseo ar fáil ar féidir iad a fhritháireamh ina leith. Déantar athbhreithniú ar shócmhainní cánach iarchurtha ar gach dáta tuairiscithe agus laghdaítear iad a mhéid nach dócha a thuilleadh go ndéanfar an sochar cánach gaolmhar a réadú; déantar laghduithe den sórt sin a aisiompú nuair a thagann feabhas ar an dóchúlacht go mbeidh brabús inchánach ann amach anseo.

Déantar athmheasúnú ar shócmhainní cánach iarchurtha neamhaitheanta ar gach dáta tuairiscithe agus aithnítear iad a mhéid is dócha go mbeidh brabúis inchánach amach anseo ar fáil ar féidir iad a fhritháireamh ina gcoinne.

Tomhaistear cáin iarchurtha ar na rátaí cánach a mheastar a chuirfear i bhfeidhm ar dhifríochtaí sealadacha nuair a aisiompaíonn siad, ag úsáid rátaí cánach a bhí achtaithe nó achtaithe go substainteach ar an dáta tuairiscithe.

## 2. Ioncam

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Is mar seo a leanas atá an anailís ar ioncam: | | |
| Táillí conartha agus coimisiúin | **12,860,176** | 12,098,622 |

Is ó Phoblacht na hÉireann a tháinig an t-ioncam ar fad.

## 3. Caiteachas oibriúcháin

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Is mar seo a leanas atá an anailís ar chostais oibriúcháin: | | |
| Costais riaracháin | **12,844,876** | 12,083,522 |
| Luach saothair na n-iniúchóirí | **15,300** | 15,100 |
| Luach saothair na stiúrthóirí | **-** | - |
| | **12,860,176** | 12,098,622 |

Ba é nialas meánlíon míosúil na ndaoine a bhí fostaithe ag an gCuideachta sa bhliain airgeadais (2022: Nialas). Ní íoctar luach saothair le Stiúrthóirí as a ról mar Stiúrthóirí na Cuideachta.

## 4. Conarthaí ábhartha agus nochtadh maidir le páirtithe gaolmhara

Rinne an Chuideachta conradh dar dáta an 21 Nollaig 2022 le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Rinneadh foráil dó sa chonradh go ndéanfadh an Chuideachta Scéim na nDuaisbhannaí a riar go dtí an 31 Nollaig 2027. Sa bhliain airgeadais faoi athbhreithniú, d'aistrigh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta glanchistí arbh fhiú €81,986,729 san iomlán iad chuig an gCuideachta (2022: d'aistrigh an Chuideachta €221,910,921 chuig Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta), lena gcuimsítear fáltais ó dhíol Duaisbhannaí lúide éilimh ar airgead i leith sóinseáil Duaisbhannaí, íocaíochtaí duaise agus costais oibriúcháin. Ba é €3,398,502 (2022: €5,756,866 dlite do GBCN) an t-iarmhéid glan a bhí dlite do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta an 31 Nollaig 2023.

Rinne an Chuideachta conradh dar dáta 23 Nollaig 2019 le An Post agus leasaíodh agus athshonraíodh é an 9 Nollaig 2021. Rinneadh foráil sa chonradh go ndéanfadh An Post gnéithe áirithe de Scéim na nDuaisbhannaí a riar go dtí an 31 Nollaig 2022.

Rinne an Chuideachta conradh nua dar dáta an 11 Bealtaine 2023 le An Post. Rinneadh foráil sa chonradh go ndéanfadh An Post gnéithe áirithe de Scéim na nDuaisbhannaí a riar go dtí an 31 Nollaig 2027. De réir théarmaí an chonartha, thuill An Post táillí iomlána €4,234,008 (2022: €4,548,085) le linn na bliana airgeadais as ucht seirbhísí riaracháin a sholáthar. Ba é an méid a bhí dlite ón gCuideachta do An Post an 31 Nollaig 2023 ná €256,369 (2022: €285,500).

Rinne an Chuideachta conradh dar dáta an 8 Aibreán 2022 le Fexco. Rinneadh foráil sa chonradh go ndéanfadh Fexco gnéithe áirithe de Scéim na nDuaisbhannaí a riar go dtí an 31 Nollaig 2022. Rinne an chuideachta conradh nua dar dáta an 8 Bealtaine 2023 le Fexco. Rinneadh foráil sa chonradh go ndéanfaidh Fexco gnéithe áirithe de Scéim na nDuaisbhannaí a riar go dtí an 31 Nollaig 2027. De réir théarmaí an chonartha, thuill Fexco táillí iomlána €8,511,049 (2022: €7,435,416) le linn na bliana airgeadais as ucht seirbhísí riaracháin a sholáthar. Ba é an méid a bhí dlite ón gCuideachta do Fexco an 31 Nollaig 2023 ná €704,870 (2022: €627,964).

Tá nótaí státchiste dar luach €4,032,923 (2022: €3,992,283) ar taisce ag an gCuideachta le GBCN. Cuireadh ús €41,025 (2022: ús diúltach €9,593) i bhfeidhm ar na nótaí sa bhliain airgeadais reatha.

## 5. Cáin ar an toradh ar ghnáthghníomhaíochtaí

*a) Aitheanta sa ráiteas ioncaim*

| | **2023** | 2022 |
|---|---|---|
| | **€** | € |
| Cáin ioncaim i leith na bliana airgeadais | **-** | - |

*(b) Réiteach an ráta cánach iarbhír*

| | **2023** | 2022 |
|---|---|---|
| | **€** | € |
| Toradh roimh cháin | **-** | - |
| Ráta cánach reatha 12.5% (2022: 12.5%) | **-** | - |
| **Cáin iomlán i leith na bliana airgeadais** | **-** | - |

Níor aithníodh sócmhainn cánach iarchurtha €6,091 (2022: €6,091) ar an mbonn nach measann na stiúrthóirí go mbeidh dóthain brabúis inchánacha ann chun an tsócmhainn a úsáid.

## 6. Méideanna infhála trádála agus eile

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| An méid atá dlite ó Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i leith táillí conartha | **954,808** | 907,033 |
| CBL infhála | **5,513** | 4,708 |
| Méideanna infhála eile | **-** | - |
| | **960,321** | 911,741 |

Na méideanna atá dlite ó Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, tá siad saor ó ús agus infhála ar éileamh.

Áirítear leis na méideanna infhála eile méideanna atá dlite don Chuideachta a próiseáladh tar éis dheireadh na bliana.

## 7. Méideanna iníoctha trádála agus eile

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| An méid atá dlite do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta | **4,353,312** | 6,663,899 |
| Méid atá dlite do An Post | **256,369** | 285,500 |
| Méid atá dlite do Fexco | **704,870** | 627,964 |
| Méid atá dlite do bhuaiteoirí duaiseanna | **5,131,438** | 3,826,656 |
| Creidiúnaithe eile | **4,556,500** | 5,308,481 |
| | **15,002,489** | 16,712,500 |

Na méideanna atá dlite do An Post, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus Fexco, tá siad saor ó ús agus iníoctha ar éileamh.

Áirítear san fhigiúr i leith creidiúnaithe eile dliteanas i leith seiceanna atá fós amuigh arb ionann é agus €4.2m (2022 €4.4m). Na seiceanna sin atá fós amuigh, tá siad níos mó ná sé mhí d'aois ach is dliteanais de chuid na Cuideachta iad go fóill.

## 8. Scairchaipiteal agus cúlchistí eile

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Údaraithe, leithroinnte, glaoite agus íoctha go hiomlán 100 Gnáthscair €1.25 an ceann | **125** | 125 |

An 30 Nollaig 2002, athraíodh luach ainmniúil Ghnáth-Scairchaipiteal na Cuideachta ó €1.269738 an scair go €1.25 an scair. Bunaíodh cúlchiste comhshóite caipitil €2 chun cuntas a thabhairt ar an difríocht a d'eascair as an athrú sin.

## 9. Gealltanais chaipitil

Ní raibh aon ghealltanais chaipitil ann ag deireadh na bliana airgeadais (2022: €Nialas).

## 10. Méideanna teagmhasacha

Ní raibh aon dliteanais ábhartha theagmhasacha ann ag deireadh na bliana airgeadais (2022: €Nialas).

## 11. Comhaltacht ghrúpa agus páirtithe rialaithe

Tá 50% de scairchaipiteal eisithe na Cuideachta ag An Post agus 50% ag Fexco. Tá ráitis airgeadais chomhdhlúite Fexco agus An Post le fáil don phobal ón Oifig um Chlárú Cuideachtaí, Plás Gloucester Íochtarach, Muinseo, Baile Átha Cliath 1, D01 C8P4, Poblacht na hÉireann.

## 12. Teagmhais iarchlár comhardaithe

Ní raibh aon teagmhas idir dáta an chláir chomhardaithe agus an dáta ar formheasadh na ráitis airgeadais seo a d'fhágfadh nár mhór nochtadh a dhéanamh sna ráitis airgeadais seo nó coigeartú a dhéanamh orthu.

## 13. Formheas an Bhoird

D'fhormheas an Bord Stiúrthóirí na ráitis airgeadais an 27 Bealtaine 2024.

## Faisnéis Fhorlíontach

(Nach gclúdaítear i dTuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha)

## 1. Duaischiste agus struchtúr

Cinntear an Duaischiste trí ús ar an gciste incháilithe a ríomh ag ráta arna chinneadh ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Braitheann líon na nduaiseanna a bhronntar gach seachtain ar mhéid an Duaischiste iomláin. Ba iad seo a leanas líon iomlán na nduaiseanna a bronnadh in 2023 agus in 2022.

| | Líon | |
|---|---|---|
| **Luach na Duaise €** | **2023** | **2022** |
| 500,000 | 3 | - |
| 250,000 | 3 | 4 |
| 50,000 | 49 | 48 |
| 1,000 | 650 | 520 |
| 500 | 650 | 520 |
| 75 | 122,060 | - |
| 50 | 186,270 | 236,567 |
| **Iomlán** | **309,685** | **237,659** |

*I mí Feabhra 2022, cuireadh ceithre dhuais ráithiúla €250,000 in ionad an dá Dhuais Pota Óir bhliantúla €1,000,000. Bronntar na duaiseanna ráithiúla sin sa chrannchur deireanach ag deireadh gach ráithe, i mí an Mhárta, mí an Mheithimh, mí Mheán Fómhair agus mí na Nollag. Bronntar príomhdhuais €50,000 gach seachtain eile.*

*I mí Dheireadh Fómhair 2023 méadaíodh ráta an duaischiste ó 0.35% go 1%, rud a d'fhág gur bunaíodh struchtúr nua duaiseanna. Is ionann duais an Phota Óir anois agus duais €500,000 ar an tarraingt dheireanach gach mí, agus coinníodh an mhórdhuais €50,000 do gach tarraingt, agus an cás ina mbíonn tarraingt Pota Óir ann san áireamh. Ina theannta sin, méadaíodh líon na nduaiseanna €1,000 agus €500 agus ardaíodh luach íosta na nduaiseanna ó €50 go €75.*

Ba é €24,143,000 luach iomlán na nduaiseanna a bronnadh in 2023 (2022: €16,008,350), sin méadú 50.9% sa bhliain airgeadais.

## 2. Tarraingt uimhreacha

Is féidir na huimhreacha a tarraingíodh sna tarraingtí seachtainiúla a fheiceáil ag an Ionad Infheistíochta Coigiltis Stáit in Oifig an Phoist ar Shráid San Aindrias, Baile Átha Cliath 2 nó ar líne ag www.prizebonds.ie

Minicíocht: Gach Aoine ag 12.30pm, faoi réir athrú i rith tréimhsí amhail an Cháisc, an Nollaig, etc.

## 3. Líon na mball foirne - fochonraitheoirí

| | |
|---|---|
| *Ceannoifig An Post, Baile Átha Cliath* | |
| Lucht Ardbhainistíochta | 1 |
| Lucht Meánbhainistíochta | 1 |
| Baill Foirne Oibriúcháin | 5 |
| *Ionad oibriúcháin Fexco, Cill Orglan* | |
| Lucht Ardbhainistíochta | 1 |
| Lucht Meánbhainistíochta | 2 |
| Baill Foirne Oibriúcháin | 83 |

## 4. Staitisticí

| | Díolacháin €000 | Sóinseáil €000 |
|---|---|---|
| Eanáir | 49,580 | 32,013 |
| Feabhra | 45,104 | 33,408 |
| Márta | 74,398 | 37,623 |
| Aibreán | 44,520 | 35,667 |
| Bealtaine | 43,029 | 45,138 |
| Meitheamh | 34,918 | 35,869 |
| Iúil | 36,210 | 49,682 |
| Lúnasa | 34,364 | 53,512 |
| Meán Fómhair | 26,326 | 51,856 |
| Deireadh Fómhair | 32,311 | 65,570 |
| Samhain | 38,232 | 57,681 |
| Nollaig | 30,140 | 33,831 |
| **Iomlán** | **489,132** | **531,850** |

## 5. Bealaí díolacháin

| | |
|---|---|
| An Post: | Trí chuairt a thabhairt ar aon Oifig Poist |
| Ar an bPost: | Coigilteas Stáit, Ard-Oifig an Phoist, Sráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath 1 |
| Ar an teileafón: | 0818 20 50 60 |
| Ar líne: | www.statesavings.ie |

## 6. Sealúchais Duaisbhannaí amhail an 31 Nollaig 2023

| | |
|---|---|
| Líon na sealúchas ar leithligh Duaisbhannaí | 7.77m |
| Luach an chiste | €4,651.9m |

Cuntas Mionsonraithe Brabúis agus Caillteanais, agus é Neamhiniúchta – ní cuid de na ráitis airgeadais reachtúla é seo

| Nótaí | 2023 € | 2023 € | 2022 € | 2022 € |
|---|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | | |
| Díolacháin/fáltais/láimhdeachas | **12,860,176** | | 12,098,622 | |
| | | **12,860,176** | | 12,098,622 |
| **Míreanna cuntais trádála** | | | | |
| Costas díolachán | | **-** | | - |
| **Brabúis trádála chomhlána** | | **12,860,176** | | 12,098,622 |
| **Speansais/asbhaintí** | | | | |
| Tuarastail/pá, costais foirne | **-** | | - | |
| Fochonraitheoirí | **-** | | - | |
| Costais dhlíthiúla agus ghairmiúla | **(20,600)** | | (14,700) | |
| Costais chlódóireachta, phostais agus stáiseanóireachta | **-** | | - | |
| Costais mhargaíochta | **59,452** | | 209,914 | |
| Costais choimisiúin | **(2,194,291)** | | (2,540,411) | |
| Costais oibríochtúla agus costais riaracháin | **-** | | - | |
| Costais a bhaineann le hairgeadas agus glanmhíreanna | **(146,472)** | | (300,145) | |
| Costais forbartha TF | **(7,500)** | | (10,189) | |
| Táillí conarthaí seachtracha | **(10,550,766)** | | (9,443,091) | |
| | | **(12,860,176)** | | (12,098,622) |
| **Toradh ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin** | | - | | - |

## Inbhuanaitheacht

Leis an Straitéis um Ghníomhú ar son na hAeráide atá ag GBCN, tacaítear le tionscnaimh an Rialtais maidir le gníomhú ar son na haeráide a chur i gcrích trína sainorduithe, cuirtear lena ról ceannaireachta i dtaobh maoiniú inbhuanaithe agus dírítear ar bheith ina eagraíocht astaíochtaí glan-nialasacha faoi 2030. Chomh maith lena Straitéis um Ghníomhú ar son na hAeráide, tá GBCN tiomanta do Shainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur chun feidhme.

Sholáthair an Chuideachta seirbhísí de chuid An Post agus Fexco, a dhéanann a ngnó don Chuideachta faoi chúinsí conarthacha sonracha, lena n-áirítear prionsabail Rialachais Comhshaoil, Shóisialta agus Chorparáidigh (CSC) a chur chun cinn go ginearálta agus de réir mar a bhaineann siad le seirbhísí a sholáthar don Chuideachta Duais-Bhannaí.

Glacann An Post céimeanna chun dea-thionchar a imirt ar fud an phobail, agus tá na céimeanna sin faoi threoir ag na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe arna nglacadh ag Ballstáit na Náisiún Aontaithe. Is é straitéis An Post é dlús a chur lena aistear i dtreo dea-thionchar a imirt ar an gcomhshaol, comhionannas do chách agus deiseanna laethúla a chruthú do thomhaltóirí i dtaobh saol níos inbhuanaithe a bheith acu. Tá sé ina aidhm ag An Post an méid sin a bhaint amach trí chúinsí inbhuanaitheachta a leabú i ngach rud a dhéanann sé. Gach lá, cuireann cúinsí inbhuanaitheachta bonn eolas faoin gach gné dá ghnó agus leis sin cuirtear ar a chumas sochair a sholáthar d’fhostaithe, do chustaiméirí agus do na pobail a bhfreastalaíonn sé orthu.

Is é an fhís atá ag Fexco i leith CSC feabhas a chur ar shaol na ndaoine, ar shaol an phobail agus ar an bpláinéad, agus a chuspóirí gnó á gcomhlíonadh aige an tráth céanna. Chun an fhís sin a bhaint amach, in 2022 d’fhorbair Fexco treochlár agus creat straitéise CSC, agus tá an straitéis CSC sin ina bonn taca faoi straitéis fhoriomlán an Ghrúpa. Leis na ceithre cholún atá inti, Maoirseacht Chomhshaoil, Daoine agus Pobail, Rialachas Corparáideach, agus Fás Inbhuanaithe, ní hamháin go léirítear tiomantas Fexco d’athrú inbhuanaithe chun feabhais a bhaint amach ina chuid oibríochtaí féin, ach cuirtear bonn daingean faoina ghníomhaíochtaí agus faoin rún atá aige nuálaíocht agus réitigh inbhuanaithe a áireamh sna seirbhísí a chuireann sé ar fáil. Baintear é sin amach trí rialachas CSC a chuimsiú i gcreat rialachais an Ghrúpa, agus, thairis sin, trí Bhord, fochoistí agus meithleacha CSC a bhunú lena ndéantar CSC agus an inbhuanaitheacht a leabú i gcroílár a chuid oibre.

## Gníomhaíochtaí

Spreagann an inbhuanaitheacht sinn chun athbhreithniú a dhéanamh ar ár n-oibríochtaí agus muid ag déanamh ár ndíchill dramhaíl a laghdú agus aistriú chuig próisis níos inbhuanaithe agus níos éifeachtúla. Ó tugadh isteach modhanna nua íocaíochta – Aistriú Leictreonach Cistí (EFT) nó athinfheistiú i nDuaisbhannaí nua – ina gcás siúd a fhaigheann duais ar na Duaisbhannaí, tháinig laghdú mór ar an méid páipéir a eisíodh chuig custaiméirí. Laghdú níos mó ná 150,000 mír a bhí i gceist in 2023. Déanaimid ár ndícheall freisin eispéireas ár gcustaiméirí a fheabhsú ar bhealach inbhuanaithe. In 2023, tháinig méadú 48% ar iarrataí ar aisíocaíocht ar líne i gcomparáid le 2022. Ar an tairseach Coigiltis Stáit ar líne, is féidir le custaiméirí a gcuid sealúchas a bhainistiú, féachaint ar idirbhearta agus a rogha féin a dhéanamh maidir le conas a íocfar duaiseanna leo. Cuirfear réitigh dhigiteacha chun feidhme amach anseo dár gcustaiméirí, lena gcomhtháthófar tuilleadh réitigh inbhuanaithe.



**An Chuideachta Duais-Bhannaí CGA**

**Seoladh Cláraithe na Cuideachta**
Ard-Oifig an Phoist, Sráid Uí Chonaill Íochtarach, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2.
Teil +353 1 705 7100

**StateSavings.ie**